eSTÁIT SOMPLAĊ SIONAINN

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

póir a tugaḋ díoḃṫa.

Arís ó ṫaoḃ reaċtaíoċt Dáil Éireann, seo iad na rudaí a ċur ar ċumas Aerport na Sionainne a gcuid oibre a ḋéanaṁ.

AIRGEADAS

An Aerport saor ó ḋleaċtanna i 1947, a rinne éasca tapaí an córas fá ċoinne ceadúnaisí a ṫaḃairt do tionsclóirí.

Aċt Airgeadais coinníollaċa ilgnéiṫeaċa 1958 a sín an tréimhse fá ċoinne saoirse ó ċáin agus os cionn gaċ rud eile, Aċt Cuideaċtan Forḃarṫa Aerport na Sionainne, Teo.. 1959-1963, a ṫugann údarás don Aire Airgeadais capital a ċur ar fáil don ċuideaċtain, fá ċoinne tógáil eastáit tionsclaċ, agus tiṫe agus a ṫugann údarás don Aire Iompar agus Cuṁaċta deontaisí a ṫaḃairt as airgead a Roinne agus a ṫugann údarás don ċuideaċtan, deontaisí a ṫaḃairt, ⁊ réiteaċ a ḋéanaṁ, do ċostaisí reaṫa.

CÚRAIM

Ḃ'iad na trí mór cúram a cuireaḋ orṫa; Pleanáil agus feiḋmniú a gcuid pleananna; cur ċun cinn an tionsclaíoċt ar gaċ slí, agus seirḃísí a ċur ar fáil do tionsclóirí.

CUSPÓIR

Go ginearálta, ba é an cuspóir a ḃí roiṁ an ċuideaċtain nó eastáit ina mbeaḋ 10,000 daoine ag obair. Baile nua a ṫógáil in aice leis ina mbeaḋ 30,000 ag obair. Aċ, cé gur sin an plean fada, d'ullṁaiġ an cuideaċtain plean goirid agus plean leaṫama ċoṁ maiṫ, ar an dóiġ go mbeaḋ eastáit eacnamiciúil agus baile eacnamiciúil ann, ón tús. Réitiġ an cuideaċtan pleananna lán aimsire agus mean-aimsire ċoṁ maiṫ leis an aiḋm fad aimsire, agus ansin, réitiġ siad, agus d'ullṁaiġ siad meastaċán ar an méid airgid a ḃeaḋ ag teastáil gaċ bliain, agus ṡocraiġ siad clár oibre tógála agus forḃarṫa, agus poiblíoċta, leis an aiḋm sin a ḃaint amaċ.

PLEAN CINTE

Sé an rannóg forḃarṫa atá i mbun cúrsaí cur ċun cinn an eastáit. Socraíonn siad é san dóiġ go ḃfuil gaċ monarcan nua a tógtar mar cuid den plean, de réir mar ċuirtear i ḃfeiḋm é, ag neartú dul ċun cinn, toisc go ḃfuil sé ag déanaṁ eastáit na Sionainne níos suimiúla agus níos tarrantaí do ṫionsclóirí.

Tá an rannóg forḃarṫa seo ag oibre i gcoṁar leis an Foras Tionscail, aċ ag déanaṁ i ḃfad níos mó ná tá siadsan a ḋéanaṁ, le tionsclóirí a ṫarraċ, ní hé go hÉirinn aṁáin, aċ go dtí an tSionainn féin. Tá foireann saineolaiṫe dá gcuid féin acu, ċun bualaḋ le tionsclóirí, agus le díospóireaċt a ḋéanaṁ leo, caḃrú leo i munlú moltaí agus pleananna forḃarṫa tionsclaċ, ⁊ nuair a ḃíonn an molaḋ foirmeáilte déanta, níonn Bord na Cuideaċtain staidéar air, agus cé acu tá sé feiliúnaċ fá ċoinne deontas caḃraiṫe. Caḃraoínn an ċuideaċtan fosta le tionsclóirí atá ag iarraiḋ ceadúnaisí ḟáil ón Aire Ṫionscail agus Tráċtála, agus teastaisí fá ċoinne saoirse ó cánaċa ón Aire Airgeadais.

SEIRḂÍSÍ TIONSCLAĊ

Ón tús, ġlac an cuideaċtan mar cúram orṫa féin, caḃrú leis an tionsclóir in gaċ slí is féidir, taréis dó a ḃeiṫ bunaiṫe ag Sionainn, ċoṁ maiṫ le roiṁré. Ḃunaiġ an cuideaċtan rannóg ar leiṫ, le seirḃísí taréis bunaiṫe a ċur ar fáil do tionsclóirí ar an eastáit tionsclaċ. Ar na seirḃísí seo, tá coṁairle ⁊ caḃair, eagrú agus traenáil oibriṫe agus foireann, agus i ngraiṫí a ḃaineas le Ceardċumann, agus i soláṫar tiṫe ⁊ aiseanna sóisialta: Tá an cuideaċtan sásta go ḃfuil an seirḃís seo ar fáil go h-éasca, ⁊ go mbaineann tionsclóirí úsáid as, agus go ḃfuil sé sin ina ċaḃair mór le cuid mór tionsclóirí a ṫarraingt go dtí an tSionainn. nó tosnú ar scéimeanna leaṫnaiṫe.

D'ÉIRIĠ LEIS

Ḃí cuspóirí cinnte ag Cuideaċtan Aerport na Sionainne, nuair a bunaíoḋ é. Ceapaḋ daoine éifeaċtúla ina ḃun, mar Bord Stiúrṫa. Tugaḋ an t-airgead díoḃṫa a ḃí ag teastáil fá ċoinne na forḃarṫa, agus ansin, tugaḋ saoirse díoḃṫa lena gcuid pleananna féin a ḋéanaṁ agus na pleananna sin a ḟeiḋmniú, agus dá ḃárr sin, d'éiriġ leis an cuideaċtan, agus tá ag éirí leo go fóill.

FOSTAÍOĊT

Seo gearr ċuntas ar mar d'éiriġ leo ó 1959:

Ag deireaḋ na bliana sin '59: ḃí 65 ag obair in fostaíoċt tionsclaċ. ag Sionainn, agus ḃí 126,000 troiġ cearnaċ de ṁonarcain tógṫa, nó á ṫógáil. In 1960, ḃí na figiúirí suas go dtí 300 fostaiṫe, agus 210,000 troiġ cearnaċ spás monarcan. i 1961 1,020 ag obair, agus 330,000 troiġ cearnaċ de urlár monarcan. 1962: 1,350 ag obair, 430,000 troiġ cearnaċ de urlár monarcan. 1963: 1,975 ag obair, agus 550,000 troiġ cearnaċ de urlár monarcan. 1964: 2,736 ag obair agus 730,000 troiġ cearnaċ de spás monarcan. Ċoṁ maiṫ leis sin, ḃí an obair ṫrom ar cuideaċtan na Sionainne baile úr nua a ṫógáil le iomlán seirḃísí, agus ċuaiġ siad ina ċeann sin; agus níor spáráil siad am nó saoṫar nó airgead air.

Ag deireaḋ 1964, ċí 368 tiṫe agus árasáin tógṫa acu agus ḃí 1,100 daoine ina gcónaí insan ḃaile nua. Ḃí 90 tiṫe eile á dtógáil agus foirgintí do ḋá scoil náisiúnta agus cuid maiṫ siopaí agus gnóluċta.

Ar ċuid den plean ama atá acu, tá sé i gceist go mbeaḋ 5,000 ag obair ar an eastáit tionsclaċ tionsclaċ in 1970, go mbeaḋ táirgeaḋ de £20m. sa ḃliain, ón eastáit tionsclaċ in 1970, agus go mbeaḋ idir 3,500 agus 4,000 ina gcónaí san baile nua.

FIR 60 p.c. DE OIBRIṪE

Ċoṁ maiṫ leis sin, meánn agus pleanáileann an cuideaċtan gaċ uile ġné den forḃairt. Mar ṡompla, insan ċuntas deireanaċ a ṫug siad, dúirt siad gur fir ab' ea 1,538 as an 2,927 oibriṫe a ḃí acu, sin rud beag níos mó ná 53 p.c. Aċ, sé an aiḋm ⁊ an figiúr is fearr le ḃeiṫ ann fá ċoinne forḃairt agus obair tionsclaċ de ċineál seo, ná gur fir ab' ea 60 p.c. de na h-oibriṫe.

Mar sin de, i mbliana, tá an ċuideaċtan ag déanaṁ gaċ iarraċt is féidir ċun tuilleaḋ tionscail nó monarcain a ḃfuil fir ag obair iontu a ṫarraingt go dtí an tSionainn, san dóiġ gur fir a ḃéas in 60 p.c. nó níos mó de na h-oibriṫe.

Is fiú seo a ċur i gcomórtas le polasaí nó gníoṁaíoċt Ġaeltarra Éireann, ina ḃfuil níos lú ná 20 p.c. de ḟir ar na h-oibríṫe lán-aimsire monarcan, agus naċ ndéanann an Bord tagairt ar biṫ do cé ṁéid fear agus bean atá ann, nó ba ċóir a ḃeiṫ ann, ina gcuid tuairiscí bliantúla.

Cífear ón méid seo, cé'n fáṫ go ndeirimíd arís naċ féidir le Gaeltarra Éireann eastát tionsclaċ a stiúraḋ sa Ġaeltaċt, agus naċ mbeaḋ muinín ar biṫ ag pobal na Gaeltaċta astu. Léiríonn sé ċoṁ maiṫ, cé'n fáṫ gur gá cuideaċtan ar leiṫ do bunú, a mbeaḋ sé mar ċuspóir aige, eastáit tionsclaċ Cloiċeannaola - Gaoṫ Doḃair a ḃunú, agus a stiúraḋ.

(Leanfar de).

ACAILL

Is beag a ċloistear in Acaill na laeṫa seo, agus le seaċtain nó ḋó anuas, aċ cúrsaí peile. Tá áṫas agus gáirdeaċas ar fud an oileáin faoi an bua mór a fuair na peileadóirí. Dé Doṁnaiġ, cuireaḋ fáilte a d'oireaḋ do rí, rompa, agus iad a' filleaḋ na ḃaile. Ḃí os cionn 300 tacadóirí rompa, agus táiniġ siad go léir ṫar n-ais na ḃaile in 60 caranna agus bus speisialta. agus nuair a ċas siad fá ċlé ag Maolraiṫe, mar caṫréim Rí a ḃí ann, agus iad ag dul frío Cois Leaca agus Duṁaċ Beag, ar aġaiḋ go dtí an Corrán, an áit a raiḃ na sluaiṫe ban agus páistí amuiġ ar fad an lae, ag na crosairí ag fanaċt leo. Nuair a ḃí siad ag dul ṫart le teaċ cónaí Caṫaoirleaċ an Ċumainn, Donnċada Ó Gallċoḃair. ċí deiċniúr de muintir Gallċoḃair agus éide foireann Corrán orṫa, ag líniú an ḃealaiġ. Ḃí brataċa ag croċaḋ, agus le fuaim na ngluaisteán, ċuaiġ siad frío Béal Fearsaid agus Maolraiṫne, agus ar aġaiḋ go Gob a' Ċoire. Nuair a ṡroiċ siad Gob a' Ċoire, ḃí an leas-ċaṫaoirleaċ, Miċeál Ó Loingsiġ. ag iompar clár, le "Fáilte Roiṁ Foireann Acla" air. Cuireaḋ na mílte fáilte rompa, agus gárṫa a coilfí míle ó ḃaile. Ḃí siad ag dul trío Eastéim agus Duḃ Éaga. Ḃí tine ċnáṁ ar lasaḋ ar sráid Labelle, i Caiseal, agus ar aġaiḋ leo ansin frío Caiseal, Dun a' Ċorraiġ agus Dún Inḃear. Ṫáiniġ siad go crosaire an ḃealaí. an áit a raiḃ slua mór cruinniṫe ag tine ċnáṁ. Ċuaiġ siad ar aġaiḋ ṫart fá Dúgort, agus ṫart arís go Gob a' Ċoire, áit a raiḃ féasta agus ceiliúraḋ in óstán Ṁic Loċlainn, áit ar líonaḋ an corn agus ar cuireaḋ ṫart é. Rinne leas-uaċtarán an Ċumainn, an tAṫair Ó Móráin, coṁġáirdeaċas leo ar ċoṁ maiṫ agus a d'éiriġ leo, agus ar na daoine eile a laḃair, ḃí Donnċa Ó Gallċoḃair, O.S., Seosaṁ Mac Giollaḃáin, Miċeál Ó Loingsiġ, Éamonn Ó Ceallaiġ, M. Ó hUigin, S. Labelle. Ḃí aṁráin ó Seán Ó Cuanaiġ, D. Ó Gallċoḃair, N. Cillḃán, T. Mac Seáin, S. Mac an Ultaiġ agus P. Seóiġe. P. Seoiġe, O.S., rúnaí an Ċumainn, a ḃí mar fear a tí, agus críoċnaíoḋ an ceiliúraḋ le Aṁrán na ḃFiann.

Fáilte roiṁ M. Ó Baoill, B.A., mac le Seán Ó Baoill agus a ḃean. Cloċ Mór, ar na ċeapaḋ go dtí Meánscoil Gob a' Ċoire. Iarḋálta don scoil é, agus fuair sé a ċéim i gColáiste Ollscoile na Gaillime i M. Fómair seo caite.

Ḃí oċtar de foireann mionúr Acaill ag imirt leis na sóisir ar an foireann a ḃain craoḃ na condae Dé Doṁnaiġ.

Tá Séamas Gineálaiġ, Duḃ Éaga, sa ḃaile ar saoire ó Cleċeland ins na Stáit Aontaiṫe.

"Model team" a tugaḋ ar foireann Acla, nuair a ḃíoṫar ag déanaṁ coṁġáirdeaċas leo, as craoḃ na condae a ḃaint insan mionúr agus insan sóisear i mbliana, ag Bord Ċondae Ṁuigeo i gCaisleán a' Ḃarraiġ oíċe Luain. Taispeántas peile a ṫug siad. adúirt T. Ó Maolḃuaiḋ, as Baile an Róba, agus dúirt sé gur ṫosaiġ Acaill ag traenáil a gcuid peileadóirí agus iad óg, agus gur ċoiméad siad ag dul iad na ḋiaiḋ sin. Ḃí na baill go léir ar aon focal agus iad ag déanaṁ coṁġáirdeaċas le foireann Acla agus ag molaḋ iad as ċoṁ maiṫ agus d'imir siad an cluiċe. Dúirt Donnċa Ó Gallċoḃair go raiḃ bród orṫa craoḃ na sóisear a ḃaint, agus dúirt sé gur imir Cill Máine cluiċe glan spóirtúil agus gur ṁór an creidiúint iad do Ṁuigeo Ṫeas.

IDIR ḊÁ LINN

SMAOINTE FÁNAĊA Ó RISTEÁRD Ó GLAISNE

An lá faoi dheireadh bhí mé ag iarraidh teacht ar Ambasáid na hEireann anseo i Stockholm. Bhí an seoladh breacaithe síos agam ar phíosa páipéir: Irlandska Ambassaden, Grev Tureg. 26.

Stop mé ar cholbha na sráide in áit amháin agus bhuail mé bleid ar fhear óg a bhí ag dul thart gur fhiafraigh mé de cá raibh Grev Turegatan.

"Ja," ar seisean. "An bhfuil Béarla agat?" ar seisean, agus ansin, go tobann, chonaic sé a raibh agam ar an pháipéar: "Ar ndóigh tá—as Eirinn duit, feicim."

"Tá — idir Ghaeilge agus Béarla agam," arsa mise go stóinsithe.

Cé an fáth gur mar náisiún Béarlach a bheadh clú orainn anseo san tSualainn féin.

— — —

Uaireanta labhraíonn daoine ar an úrscéal "The Ginger Man" le J. P. Donleavy i dteannta "The Catcher in the Rye" le J. D. Salinger. Le macléinn Meiriceánach drabh-lásach i gColáiste na Tríonóide agus i mBaile Atha Cliath a bhaineann sé. "Is leabhar mór é," dúirt file Eireannach a bhfuil bhreithiúnas maith aige ar chúrsaí litríochta liom ar na mallaí.

Níl a fhios agam an leabhar mór é, ach is leabhar suimúil é, cinnte. Is lag a shíl mé, áfach, go raibh an príomhcharactaer bunaithe ar dhuine a bhí dáirire ann, agus dúirt an file seo liom gurb amhlaidh. Go deimhin, dúirt sé go bhfuil gach uile charactaer san leabhar so-aitheanta —bhí aithne aige féin orthu. An té ar bunaíodh an leabhar air (Christ "crist" a déarfaí —ba shloinneadh dó), fuair sé bás den eitinn san Spáinn anuraidh. Timpeall 1949-1950 tháinig sé go hEirinn agus bhí Donleavy, Meiriceánach de bhunadh Eireannach a rugadh i mBoston, á leanúint timpeall, agus leabhar dubh á líonadh aige le nótaí ar a ndúirt sé agus ar ar rinne sé. O, na nótaí úd a cumadh an t-úrscéal ní ba dhéanaí.

— — —

Is íontach an t-athrú a chuireann spéaclaí, agus slí a gcaite, orainn.

Níl fhios agam conas atá ag éirí leis an fheachtas ar son an Fháinne Nua. Os trua liom a rá gur cinnte go bhfuil daoine áirithe á thabhairt thart ar liopa a gcóta acu agus nach í "an Ghaeilge is rogha leo a labhairt ar gach ócáid is féidir," agus tá sé sách luath a bheith ábalta é sin a rá cheana.

Ach is ar spéaclaí a tharraing mé an seanchas.

Ní mó ná sásta atáim féin leis an fhógra úd don Fháinne Nua atá le feiceáil ar a lán de na páipéir ina bhfuil pictiúr de chailín, an Fáinne ar bhrollach a gúna aici agus í suite ag bord os comhair clóscríobháin. Tá sí iompaithe orainn agus í á rá: "An Fáinne Nua? Labhrann an - chuid daoine Gaeilge liom ó thosaigh mé á chaitheamh. Tá cairde nua agam gach lá dá bharr."

Tá an smaoineamh ceart go leor — cé go gcuireann sé ag gáirí go cineál searbh i gcónaí mé. Ach níl an pictiúr ceart go leor. Na spéaclaí úd leath slí síos srón an chailín, déanann siad gamallóg cheart di. Agus tá cuma speisiúil go leor uirthi.

— — —

I scoileanna na Sualainne múintear Béarla Shasana agus Béarla Mheiriceá — an dá theanga. Agus de réir na rialacha tá cead ag daltaí ceachtar den dá shaghas Béarla a scríobh ina gcuid aistí scoile agus eile.

"A dhéanta na fírinne," arsa múinteoir Béarla amháin anseo inniu, "is mó an taithí atá acu ar Bhéarla Mheiriceá ná an taithí atá acu ar Bhéarla Shasana."

Conas a rinne sé sin amach? Ar cheirníní, ar scannáin, ar irisí, ar chorr-chlár telefíse a bhí sé ag smaoineamh.

Tá cuid mhaith scannán Béarla ar taispeáint anseo i Stockholm agus is as Meiriceá dá bhformhór. An oíche eile chonaic mé "Hur Man Mordar Sin Fru." An taisteoir seoigh Jack Lemmon agus cailín iontach Iodálach Virna Lisi a bhí sna príomhpháirteanna, agus chruthaigh Terry-Thomas ar fheabhas mar valet Sasanach. Bhí an scannán an-ghreannmhar, agus bhí cuid mhaith den ghreann tarraingt ar an deireadh gar go leor don fhírinne chun duine a chur ag machnamh. Bhí fo-theidil i Sualainnis. "How To Murder Your Wife" a bhí ann.

RÁTAÍ DÚN NA nGALL

35s. 5d. SA ṀIḊE, 72s. 5d. I nDÚN NA nGALL

Ag éirí as ceist a ċur sé faoi loisge rátaí do oibriṫeoirí talṁaíoċta de réir molaḋ ó Ċoṁairle Co. Ḋún na nGall, d'ḟiafraiġ Dónal Ó hAirt, T.D., don Aire Rialtas Áitiúil, an raiḃ ḟios aige gurb é an ráta a ḃí i gCo. na Miḋe, ná 35s. 5d. sa punt, agus an ráta i dTírċonaill 72s. 5d., agus mar sin de. gurb ionann loisge £17 luaċáil de feirmeoir i gCo. na Miḋe, agus £34 de luaċáil do feirmeoir i gCo. Ḋún na nGall, agus naċ ndéanfaḋ sé isliú de ċineál éigin fá ċoinne na gcondaeṫa iarṫaraċ.

Dúirt an tUasal Ó Bléine, T.D., Aire Rialtas Áitiúil, go raiḃ ḟios aige seo. aċ go raiḃ ḟios aige fosta go raiḃ 80 p.c. de na feirmeoirí i gCo. Ḋún na nGall, agus luaċáil faoi £20 acu, agus mar sin de, naċ mbeaḋ maiṫeas ar biṫ in ísliú den ċineál seo díoḃṫa. Ní ḃainfeaḋ an 89 p.c. seo pigínn aṁáin praifío as ísliú den ċineál seo.

OIDEAĊAS IMIRCE

"Níl muid ag taḃairt oideaċais fá ċoinne imirce" — adúirt Eoin Mac Aoḋa, ag cruinniú de coiste Gairm-oideaċais Ṁuigeo, i gCaisleán a' Ḃarraiġ. Ḃí sé ag freagairt molaḋ go dtaḃarfaí teastas do ḋaoine ar ṫeip orṫa i laḃairt na Gaeilge. Seán S. Ó Caṫail a rinne an molaḋ. agus ḃí sé ag molaḋ go dtaḃarfaí an teastas seo do ḋaoine a d'imiġ go Sasana.

Dúirt T. Tarpaiġ gur imiġ idir 80 p.c. agus 85 p.c. dá gcuid scoláirí as an tír gaċ bliain.

Eoin Mac Aoḋa Táimíd ag taḃairt ar láiṁ do Ṡasain gaċ bliain, oiread daoine agus atá i bpobal na Gaillimhe. Ní ṫig linn leanúint an bealaċ seo. Tá an pobal ag imeaċt amaċ as an tír.

É. Ó Ciarḋa — Muna ḃfuil muid ag taḃairt oideaċas fá ċoinne imirce tá ár gceann sa ġaineaṁ againn.

Ṡocraiġ an coiste go gcuirfí an ċeist ar clár Coṁḋáil na gCoistí Gairmoideaċais, an ḃliain seo ċugainn.